Láimhseáil Sonraí

Leibhéal 1

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Bunachar sonraí reatha a rochtain agus páirt a ghlacadh i bplé faoi threoir an mhúinteora faoi fhaisnéis a roghnú atá le cur i mbunachar sonraí, roimh réimsí a roghnú do thábla atá ullmhaithe ag an mhúinteoir. Bunghnéithe a fhiosrú amhail réimse nua i dtábla a chruthú nó taifead nua a chur i dtábla atá ann cheana féin. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo dalta nua a chur le bunachar sonraí ranga.* (Fiosrú)
- Tábla aonair a chruthú i bpacáiste bunachar sonraí le cuidiú an mhúinteora. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo tábla a fhorbairt ag úsáid dearaidh chomh maith le treoir, a chuir an múinteoir ar fáil le linn an phróisis.* (Cur in iúl)
- Fios a bheith acu gur féidir modhanna digiteacha a úsáid le cumarsáid a dhéanamh agus obair ar bhunachar sonraí ar bun acu. (Malartú)
- Labhairt faoin bhunachar sonraí acu, faoi threoir an mhúinteora. (Luacháil)
- An bunachar sonraí acu a thaispeáint le cuidiú an mhúinteora. (Taispeáint)

Leibhéal 2

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Na cineálacha sonraí a roghnú le cur sa tábla acu. Sraith treoracha a leanúint agus bogearraí an bhunachair shonraí in úsáid le ceist shimplí a fhreagairt. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo sonraí a scagadh leis an dalta is óige i mbunachar sonraí ranga a shainaithint.* (Fiosrú)
- Tábla bunúsach a chruthú le cuidiú an mhúinteora. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo sonraí a iontráil i dtábla ag úsáid dearaidh chomh maith le corr leideanna, atá curtha ar fáil ag an mhúinteoir le linn an phróisis.* (Cur in iúl)
- Sainaithin na modhanna digiteacha éagsúla le cumarsáid a dhéanamh nuair atáthar ag obair ar bhunachar sonraí agus labhairt orthu. (Malartú)
- Labhairt ar an dóigh leis an dearadh bunachar sonraí acu a fheabhsú, le leideanna ón mhúinteoir. (Luacháil)
- An bunachar sonraí acu a shábháil agus/nó é a thaispeáint don rang nó don ghrúpa le cuidiú an mhúinteora. (Taispeáint)

Leibhéal 3

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Faisnéis a chuardach agus a roghnú ó fhoinse thugtha le hiontráil i dtábla i mbunachar sonraí. Ainmneacha réimse agus cineálacha sonraí a roghnú do dhearadh tábla tugtha. Sraith treoracha a leanúint agus eagarthóireacht a dhéanamh orthu, amhail sonraí a scagadh, agus na bogearraí sonraí in úsáid acu. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo bunachar sonraí a chruthú de chathracha thart timpeall an domhain. Cinneann daltaí ansin ar an fhaisnéis ba mhaith leo a stóráil ar gach ceann acu agus ansin scagann siad sonraí bunaithe ar chritéar aonair.* (Fiosrú)
- Struchtúr tábla a chruthú, ag leanúint treoir ón mhúinteoir, le cuidiú le fadhb thugtha a réiteach. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo sonraí a iontráil sa bhunachar sonraí agus cineálacha sonraí a athrú leis an tionchar ar na torthaí a fheiceáil.* (Cur in iúl)
- Modh comhaimseartha digiteach a úsáid le cumarsáid a dhéanamh nó le cur le gníomhaíocht faoi threoir ar líne a bhaineann leis an bhunachar sonraí. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo ríomhphoist a chur nó postáil a dhéanamh ar wiki, ar bhlag nó ar shnáithe plé. B'fhéidir go gcuirfí an ríomhphost nó an phostáil chuig múinteoir.* (Malartú)
- Roinnt mionathruithe a dhéanamh lena mbunachar sonraí a fheabhsú. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo cineálacha nó méideanna réimsí i dtábla a nuashonrú nó méideanna réimsí téacs i dtuairisc a athrú sa dóigh go léirítear an fhaisnéis i gceart.* (Luacháil)
- Comhadainm a úsáid lena mbunachar sonraí agus/nó é a thaispeáint don rang nó don ghrúpa. (Taispeáint)

Leibhéal 4

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Faisnéis a thaighde agus a roghnú as réimse d'fhoinsí digiteacha le cuidiú le pleanáil agus le cuimsiú sa bhunachar sonraí acu. An fhadhb atá leagtha amach i mionteagasc an taisc a imscrúdú agus a réiteach. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo gnéithe a úsáid, amhail iarratais shimplí, le sonraí atá eagraithe i bhformáid tábla a cheistiú , mar shampla iarratas simplí a dhearadh a shainaithníonn na baineannaigh uilig i rang.* (Fiosrú)
- Bunachar sonraí a chruthú a léiríonn feasacht ar an spriocghrúpa agus an cuspóir atá sainmhínithe i mionteagasc an taisc. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo foirm d'iontráil sonraí, dearadh tábla a ionchorpraíonn cineálacha sonraí agus méideanna réimse fóirsteanacha agus/nó tuairisc a chruthú le faisnéis atá de dhíth ó iarratas a léiriú.* (Cur in iúl)
- Modh comhaimseartha digiteach amháin nó níos mó a úsáid le cumarsáid, malartú agus comhoibriú a dhéanamh i ngníomhaíochtaí faoi threoir ar líne. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo ríomhphoist le ceangaltán a chur nó roinnt postálacha ábhartha a dhéanamh ar vici, ar bhlag nó ar fhóram díospóireachta a bhaineann le dearadh an bhunachair shonraí nó le torthaí uaidh.* (Malartú)

- Uirlisí agus gnéithe TFC cuí a úsáid le hobair a fheabhsú. B'*fhéidir go gcuimseodh sé seo úsáid seiceálaí litrithe, nuashonrú lipéid tuairisce nó foirme, nuashonrú cineálacha nó ainmneacha réimse agus doiciméadú na bhfeabhsuithe a rinne siad ar a mbunachar sonraí.* (Luacháil)
- An bunachar sonraí a shábháil i bhfillteán ainmnithe nó i ríomhphunann ranga. (Taispeáint)

Leibhéal 5

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Faisnéis a thaighde, a roghnú, a chur in eagar, a úsáid, agus a luacháil as réimse d'fhoinsí digiteacha le cuidiú le dearadh agus/nó le bailiú sonraí le stóráil sa bhunachar sonraí. Réimse uirlisí agus gnéithe bogearraí, amhail táblaí, iarratais, foirmeacha agus tuairiscí a úsáid le bunachar sonraí a fhorbairt a réitíonn fadhb, agus tuiscint shoiléir ar spriocghrúpa a léiriú. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo tuairisc a dhearadh a thaispeánfadh na daltaí uilig a bhfuil éarlaisí le socrú acu bunaithe ar fhaisnéis i mbunachar sonraí a ullmhaíodh faoi choinne turas scoile.* (Fiosrú)
- Bunachar sonraí a chruthú a léiríonn tuiscint shoiléir ar an spriocghrúpa agus ar an chuspóir atá sainmhínithe i mionteagasc an taisc. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo úsáid ainmneacha, cineálacha agus méideanna cuí réimse; roghnú eochair phríomhúil amháin nó níos mó le cuidiú le stóráil sonraí sna táblaí bunúsacha agus úsáid iarratas le critéir le ligean dóibh na sonraí a phróiseáil ina bhfaisnéis bhríoch a bheadh taispeánta go soiléir i bhformáid tuairisce, lena n-áirítear lógó.* (Cur in iúl)
- Modhanna comhaimseartha digiteacha a úsáid lena gcuid faisnéise a chur in iúl, a mhalartú agus a roinnt chomh maith le táirgí ilmheán, agus comhoibriú ar líne a dhéanamh lena bpiaraí. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo a bheith ag obair ar líne le bunachar sonraí a dhearadh go comhoibríoch, nó plé/díospóireacht a dhéanamh ar líne faoin ábhar le húsáid lena mbunachar sonraí a líonadh.* (Malartú)
- Uirlisí agus gnéithe cuí TFC a úsáid le feabhsuithe leanúnacha a chur i bhfeidhm ar a ndoiciméad agus le próiseas agus toradh a luacháil. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo úsáid timthriall 'pleanáil, déanamh, athbhreithniú' le cur síos a dhéanamh ar a bpróiseas, na huirlisí TFC a d'úsáid siad agus na feabhsuithe a chur siad i bhfeidhm ar a mbunachar sonraí. Déanann siad machnamh ar a ndearadh bunachar sonraí agus beachtaíonn siad é ar dhóigh leanúnach lena dhéanamh ábhartha don spriocghrúpa agus don chuspóir atá sainmhínithe i mionteagasc an taisc. Léiríonn siad gur úsáid siad gnéithe ábhartha de bhogearraí an bhunachar sonraí le feabhsuithe leanúnacha a dhéanamh agus gur luacháil siad roinnt de na huirlisí agus na gnéithe a d'úsáid siad agus caighdeán an bhunachair dheiridh maidir leis an spriocghrúpa agus leis an chuspóir atá sainmhínithe i mionteagasc an taisc.* (Luacháil)
- An bunachar sonraí agus comhaid/agus nó ábhair ar bith atá bainteach leis a eagrú, a stóráil, agus a chothabháil i spás pearsantaithe le sárthaispeántas a dhéanamh den fhoghlaim dhigiteach trasna an churaclaim. (Taispeáint)

Leibhéal 6

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Tuilleadh faisnéise a thaighde, a roghnú, a chur in eagar, a úsáid, agus a luacháil as réimse d'fhoinsí digiteacha le cuidiú le dearadh agus/nó le bailiú sonraí le stóráil sa bhunachar sonraí, agus an foinsí acu a chosaint agus tagairt a dhéanamh dá bhfoinsí. Úsáid a bhaint as réimse uirlisí agus gnéithe bogearraí le bunachar sonraí a fhorbairt is féidir a ionramháil le foirmeacha nó tuairiscí saincheaptha a fhorbairt, ag baint úsáid as gnéithe amhail iarratais pharaiméadair nó iarratais ilchritéar, postchumasc nó réimsí ríofa le riachtanais an spriocghrúpa a chomhlíonadh. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo tuairisc a ghineadh a léiríonn faisnéis a chomhlíonann dhá chritéar nó níos mó bunaithe ar iarratas ar leith.* (Fiosrú)
- Bunachar sonraí saincheaptha a chruthú atá dírithe ar spriocghrúpa agus ar chuspóir ar leith. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo réimse leathan de na gnéithe bogearraí amhail córas bunaithe ar roghchlár le foirmeacha nó fofhillteáin a chomhtháthú le tuairiscí saincheaptha le réimsí ríofa atá ag brath ar shonraí bailíochtaithe ó tháblaí iomadúla atá nasctha le chéile ag eochair-réimsí agus ag eochair-iarratais ag baint úsáid as raon critéar. B'fhéidir go mbeadh aschur i bhfoirm tuairiscí a bhaineann úsáid as postchumasc.* (Cur in iúl)
- Réimse de mhodhanna comhaimseartha digiteacha a úsáid le cumarsáid a dhéanamh, lena gcuid faisnéise agus a gcuid táirgí ilmheáin a mhalartú agus a roinnt, ag comhoibriú le piaraí, le saineolaithe agus le húsáideoirí deiridh. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo comhoibriú a dhéanamh le piaraí ar fhréamhshamhail, mar shampla dearaí a roinnt i bhfóram díospóireachta agus ag ligean do rannpháirtithe gnéithe comhoibríocha na mbogearraí a úsáid le tráchtanna agus cosaintí ardchaighdeáin a chur isteach.* (Malartú)
- Cosaint a thabhairt ar na bogearraí feidhme a roghnaigh siad leis an tasc bunachar sonraí a chomhlánú, na malairtí ar smaoinigh siad orthu agus an próiseas a rinne siad agus an foilseachán á tháirgeadh. An fáth a bhfuil a mbunachar sonraí éifeachtach don spriocghrúpa agus don chuspóir ar leith a chosaint. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo an próiseas forbartha a shainaithint agus cur síos a dhéanamh ar na príomhphointí ar a ndearna siad breithiúnais luachála a chuir leis an doiciméad deiridh.* (Luacháil)
- A gcuid oibre a eagrú, a stóráil, agus a chothabháil i spás pearsantaithe le sárthaispeántas a dhéanamh den fhoghlaim dhigiteach trasna an churaclaim. (Taispeáint)

Leibhéal 7

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Na sonraí is ábhartha atá bailithe as réimse foinsí a aimsíodh agus a cruthaíodh, a thaighde agus a roghnú, iad seo a idirdhealú maidir le hábharthacht, le hiontaofacht agus le cruinneas, agus na foinsí acu a chosaint agus tagairt a dhéanamh dóibh. An pacáiste bogearraí agus na gnéithe is cuí le húsáid a roghnú agus a chosaint le freastal ar riachtanais an úsáideora deiridh mar atá sainmhínithe i mionteagasc an taisc. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo réitigh eile bunachar sonraí agus ag baint triail go córasach as réimse leaganacha amach, ag déanamh cinneadh ar an cheann is cuí le hionchais an spriocghrúpa a chomhlíonadh, ag úsáid timthriall forbartha lena bhfréamhshamhail a thástáil agus a choigeartú go rialta, agus roghanna agus cinntí a chosaint bunaithe ar a n-intinní tosaigh, ar ghrúpdhíospóireachtaí agus ar aiseolas ó úsáideoirí deiridh.* (Fiosrú)
- Tairbhe a bhaint as raon aiseanna cuí bogearraí bunachar sonraí, a chuimseodh, b'fhéidir, córas bunaithe ar roghchlár le rochtain ar fhoirmeacha nó fofhillteáin shaincheaptha bailíochtaithe le haghaidh iontráil sonraí a chomhtháthú le tuairiscí faoi thionchar custaiméirí, ag úsáid raon de réimsí critéar agus réimsí ríofa. *B'fhéidir go mbeadh aschur i bhfoirm tuairiscí ag úsáid postchumaisc, le réiteach a tháirgeadh a chomhlíonfadh riachtanais úsáideora a bheadh sonraithe ag tús an tionscadail. B'fhéidir go gcuimseodh sé seo litreacha a ghineadh do dhaoine aonair bunaithe ar iarratas mar a gcomhlíonfaí critéir iomadúla, mar shampla daoine aonair a bhfuil íocaíochtaí le socrú acu.* (Cur in iúl)
- Tairbhe a bhaint as modhanna comhaimseartha cumarsáide lena smaointe forbartha agus a bhfaisnéis a mhalartú, a roinnt agus comhoibriú a dhéanamh orthu le piaraí, le saineolaithe agus le húsáideoirí deiridh, ag cur le timpeallacht dhomhanda chomhoibríoch. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo an bunachar sonraí a uaslódáil chuig blag le haiseolas a bhailiú ó phiaraí, ó shaineolaithe agus ó úsáideoirí deiridh, agus gníomhú dá réir ar dhóigh thuisceanach le cáilíocht ard agus le hoiriúnacht an táirge nó na faisnéise bailithe a fheabhsú d'úsáideoir deiridh atá sainmhínithe i mionteagasc an taisc.* (Malartú)
- Riachtanais an úsáideora deiridh agus cuspóir an bhunachair shonraí a shainaithint ag an tús, le tuiscint atá ag méadú, agus athbhreithniú a dhéanamh go córasach ar an leagan deiridh i gcoinne na riachtanas ag deireadh an phróisis, agus a shainaithint go soiléir cé acu a comhlíonadh agus cé acu nár comhlíonadh. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo aiseolas úsáideoir deiridh a bhailiú agus beachtú breise a dhéanamh nó moltaí a leagan amach le haghaidh feabhsú.* (Luacháil)
- Stór digiteach d'obair atá struchtúraithe go loighciúil a bhainistiú agus a chur i láthair, le sárthaispeántas a dhéanamh den fhoghlaim trasna an churaclaim, agus formáid, iniomparthacht, méid, cóipcheart agus leaganú a chur san áireamh. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo machnamh a dhéanamh ar fhormáid, ar iniomparthacht, agus ar mhéid an bhunachair shonraí sula ndéantar iad a stóráil.* (Taispeáint)

Ba chóir go léireodh daltaí, san am agus san áit is cuí, eolas agus tuiscint ar ríomhshábháilteacht, lena n-áirítear iompraíocht inghlactha ar líne.